

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta



**The Teaching Council**

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta  
Plean Straitéiseach  
2018 – 2020

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht atá freagrach as caighdeáin ghairmiúla na múinteoireachta in Éirinn. Faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2012 déanann sí gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil. Dírítear ár gcuid oibre ar chaighdeáin a leagan síos chun tacú le caighdeán an teagaisc agus na foghlama d’ár bpáistí, d’ár ndaoine óga agus d’ár bhfoghlaimeoirí fásta agus chun feabhas a chur air.

Tá sainordú na Comhairle chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil araon bunaithe ar choincheap na gcaighdeán. Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle na caighdeáin do ghairm na múinteoireachta a leagan síos, agus a fhíorú don phobal agus don ghairm go bhfuiltear ag cloí leo. Féachann sí freisin le daoine eile a chumhachtú trí chur le cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sin, lena n-áirítear an ghairm. Tá gach gné d’obair na Comhairle, i dtaca le cur chun cinn agus le rialáil araon, ceaptha leis na caighdeáin is airde a chinntiú i ngach céim den teagasc agus den fhoghlaim.

Is comhlacht féinmhaoinithe í an Chomhairle Mhúinteoireachta, agus tagann an príomhioncam ó na táillí athnuachana bliantúla ar chlárúchán a dhéanann múinteoirí cláraithe, agus ní fhaigheann sí aon mhaoiniú ón Stát. San áireamh anseo tá costais na mball foirne uile. Tá leithdháileadh croí-foirne na Comhairle faoi réir fhaomhadh an Aire Oideachais agus Scileanna. Tá Plean Lucht Saothair a chuireann Ráiteas Straitéise na Comhairle (2018-2020) san áireamh agus na hacmhainní atá ar fáil á fhorbairt mar chuid d’fhoilseachán na straitéise seo.



D'aithin an Chomhairle trí chrann taca roimhe seo a thugann tacaíocht dár gcuid oibre ar fud na réimsí uile, chomh maith le hobair na múinteoirí:

## Taighde



Tá taighde a dhéanann múinteoirí agus do mhúinteoirí riachtanach chun tacú lena bhfoghlaím agus cleachtadh mar ghairmithe. Braitheann obair na Comhairle freisin ar an taighde leis na cinntí is fearr agus is féidir a dhéanamh ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaím.



## Caidrimh

*“Is é atá i gceist leis an bhfoghlaím ar fad caidrimh a thuiscint.”*  
(George Washington Carver)

Tagann beocht sa teagasc agus san fhoghlaím trí chaidrimh dhearfacha agus thairbheacha. Braitheann caighdeán obair na Comhairle ar chaighdeán na gcaidreamh a bhíonn aici le dreamanna eile.



## Cleachtadh machnamhach

Tá an cleachtadh machnamhach riachtanach do gach múinteoir, agus do mhúinteoirí mar phobal foghlama gairmiúla, le go mbeidh na gairmithe in ann na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe lena scoláirí. Tá sé ríthábhachtach le múinteoirí a chothú mar dhaoine agus mar ghairmithe chomh maith. Mar eagraíocht foghlama, glacann an Chomhairle páirt i gcleachtadh machnamhach freisin, chun cuidiú linn na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe leis an ngairm, na tuismitheoirí, daltaí agus pobal i gcoitinne.

# Dul chun cinn faoin bPlean Straitéiseach 2015–2017

Chlúdaigh ceithre sprioc na Comhairle a leagamar síos don tréimhse 2015–2017 na réimsí seo a leanas:

- (a) cultúr foghlama comhroinnte a chur chun cinn
- (b) caighdeáin d’oideachas múinteoirí agus próisis chlárúcháin éifeachtacha
- (c) foghlaim múinteoirí (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach san áireamh)
- (d) Feidhmiúlacht chun Múineadh.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn faoi gach ceann de na spriocanna straitéiseacha seo le trí bliana anuas.

- > Ag eascairt as an gcéim phíolótach ó 2013–2016, tá tús curtha le céim fáis de chuid Droichead, an chreatlach chomhtháite ghairmiúil ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe, le dul i dtreo cur i bhfeidhm iomláin.
- > Rinneadh creidiúnú agus monatóireacht ar líon clár Oideachas Tosaigh Múinteoirí.
- > Faomhadh agus foilsíodh an chéad chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, Cosán, i mí an Mhárta 2016.
- > Rinneadh níos mó ná 40,000 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a phróiseáil in 2017 amháin. Is dul chun cinn tábhachtach é seo i dtreo clár mhúinteoirí iomláin a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu.
- > Bhí beagnach 100,000 múinteoir ar an gclár faoi mhí na Nollag 2017.
- > Cuireadh tús leis na Rialacháin Chlárúcháin Suas Chun Dáta i mí Iúil 2016.
- > Cuireadh tús le ról Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle i mí Iúil 2016 agus bhí an chéad fhiosrú ar siúl i mí na Samhna 2017.
- > Lainseáil an Chomhairle Sraith Taighde CROÍ, (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach) a léiríonn go bhfuil cúrsaí taighde i gcoilár an teagaisc agus na foghlama.

# An Leanúntas Oideachas Múinteoirí a bhaint amach

Le trí bliana anuas bhí athruithe móra agus tapa in oideachas múinteoirí ar fud an leanúntais. Aithnítear go bhfuil athruithe ó bhonn déanta ar thórdhreach oideachas múinteoirí agus ghairmiúlacht múinteoirí mar thoradh ar na forbairtí seo, agus iad ar fad laistigh den chreatlach náisiúnta polasaí mar atá leagtha amach ag an Aire Oideachais agus Scileanna. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh leis na páirtithe leasmhara uile as ucht a bheith rannpháirteach agus as an gcomhoibriú a rinne siad linn lena chinntiú go leanann na torthaí ag tabhairt tacaíochta don teagasc agus foghlaim atá ar ardchaighdeán.

Creidimid gur chóir go mbeadh an bhéim sa Phlean Straitéiseach seo ar an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo a dhaingniú agus a chur in iúl. I mian linn na struchtúir a d'fhorbraíomar d'oideachas múinteoirí agus chun tacú le gairmiúlacht múinteoirí a chur i bhfeidhm go daingean agus go hiomlán.

Sa chomhthéacs seo, beidh tuismitheoirí, scoláirí agus an pobal i gcoitinne in ann iontaoibh a bheith acu in ardchaighdeán an oideachais a chuireann múinteoirí ar fáil.

## Ráiteas Cuspóra

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta na hardchaighdeáin in oideachas múinteoirí agus i ngairmiúlacht múinteoirí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a dheimhniú trí pholasaithe, rialúchán agus taighde atá éifeachtach.

Táimid ag iarraidh tacú leis an bhfoghlaim chomhroinnte, an fholláine, an fás agus an nuálaíocht do gach múinteoir agus foghlaimeoir.

Ar an mbealach seo, is mian linn timpeallacht a chothú ina mbíonn an teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin faoi bhláth.



# Spriocanna Straitéiseacha 2018 – 2020

**1** An dul chun cinn atá déanta i dtreo Leanúntas Oideachas Múinteoirí atá socair agus leanúnach a dhaingniú agus a chur in iúl.

- › Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus iad a thabhairt suas chun dáta
- › Leanúint le fás Droichead, an chreatlach chomhtháite ghairmiúil ionduchtúcháin do mhúinteoirí nuacháilithe
- › Tacú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí
- › Leanúint ar aghaidh le Feidhmiúlacht chun Múineadh a chur i bhfeidhm
- › A chinntiú go leanann na caighdeáin agus próisis chlárucháin ag tacú le hiontaoibh an phobail agus na gairme i gcaighdeáin foghlama agus gairmiúlachta múinteoirí
- › Rannpháirtíocht múinteoirí agus an phobail in FÉILTE, Féile Oideachais um Barrfheabhas Teagaisc agus Foghlama, a dhaingniú agus a fheabhsú
- › Leanúint ar aghaidh agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht múinteoirí i Sraith Taighde CROÍ

**2** Obair a dhéanamh i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na páirtithe leasmhara chun samhail agus próiseas a aontú lena chinntiú go mbíonn go mbíonn comhoiriúint níos fearr idir soláthar agus éileamh múinteoirí.

- › Dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil an Chothromaíocht a Aimsiú, leaganacha amach anseo san áireamh
- › Comhráite a éascú idir na páirtithe leasmhara chun dul chun cinn a dhéanamh ar réitigh nuálacha agus inbhuanaithe
- › Leanúint ar aghaidh agus comhairle bunaithe ar fhianais a chur ar fáil don Aire arna thacú le taighde leanúnach
- › An tábhacht a bhaineann le comhionannas pá a thabhairt ar ais agus dul i ngleic leis an ócáidíú a chur chun cinn agus béim a leagan orthu chun cuidiú le hiontrálaithe nua a mhealladh isteach sa ghairm agus an mheanma a ardú agus clú na gairme a chosaint ag an am céanna.

**3** Tacú le múinteoirí agus feabhas á chur ar a gcleachtadh gairmiúil trí chreatlacha foghlama gairmiúla a éascaíonn cultúr foghlama comhroinnte.

- › Droichead a dhaingniú mar an Chreatlach Chomhtháite Ghairmiúil Ionduchtúcháin do mhúinteoirí nuacháilithe
- › Tuiscint fheabhsaithe a éascú agus a chinntiú go ndéantar forbairt leanúnach ar Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí
- › Trí Shraith Taighde CROÍ (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach), tacú le rannpháirtíocht i agus le cúrsaí taighde, chun forbairt a dhéanamh ar naisc níos láidre idir cúrsaí taighde, polasaithe agus cleachtadh sa seomra ranga.

# 4

Leanúint ar aghaidh agus an iontráil sa ghairm a chaomhnú trí chaighdeán arda d'oideachas tosaigh múinteoirí, chomh maith le próisis athbhreithnithe agus chlárúcháin atá éifeachtach agus éifeachtúil.

- > Comhoibriú a dhéanamh le hInstitiúidí Ardoideachais lena chinntiú go dtugtar aitheantas agus tacaíocht do ról lárnach oideachas múinteoirí i bhfeabhsú an teagaisc agus na foghlama uile
- > Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeán agus na próisis a thabhairt suas chun dáta le haghaidh chreidiúnú na gclár oideachas tosaigh múinteoirí, measúnú ar cháilíochtaí san áireamh
- > Athbhreithniú agus creidiúnú, de réir mar is cuí, a dhéanamh ar chlár oideachas tosaigh múinteoirí
- > Na próisis chlárúcháin a dhéanamh níos éifeachtaí le héifeachtúlachtaí feabhsaithe agus taithí fheabhsaithe d'úsáideoirí a chur ar fáil.
- > Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus taca, lena n-áirítear ag obair i dtreo Dáta Athnuachana Amháin
- > Bunachar sonraí nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le feidhmeanna clárúcháin na Comhairle
- > An t-athghrinnfhiosrúchán tréimhsiúil ar mhúinteoirí a chur i bhfeidhm

# 5

A chinntiú go bhfuil cur i bhfeidhm an phróisis Feidhmiúlacht chun Múineadh láidir, cothrom agus trédhearcach do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne.

- > Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus taca, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Alt 28 den Acht Oideachais 1998, agus na forbairtí laistigh den timpeallacht rialála á gcur san áireamh
- > Comhoibriú a dhéanamh i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis na páirtithe leasmhara leis na próisis agus nósanna imeachta chun déileáil le gearáin a bhaineann le múinteoirí cláraithe a mhionchoigeartú níos mó
- > Leanúint ar aghaidh agus an próiseas maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh a chur in iúl do mhúinteoirí, do na páirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne

# 6

Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear an fholláine, agus feasacht obair na Comhairle a fheabhsú, trí chumarsáid nuálach agus inrochtana.

- > Iontaoibh an phobail i ngairm na múinteoireachta agus tacaíocht an phobail di a chur chun cinn
- > Tuiscint fheabhsaithe ar obair na Comhairle a chur chun cinn maidir le gairmiúlacht múinteoirí a fheabhsú, lena n-áirítear FÉILTE agus Sraith Taighde CROÍ
- > Obair a dhéanamh chun cur chuige uileghabhálach agus iomlánaíoch a chothú i dtreo feabhas a chur ar fholláine bhaill uile phobal na scoile – múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí/ daltaí, lena n-áirítear comhoibriú leis na páirtithe leasmhara.
- > Feabhas a chur ar ár mbealaí cumarsáide agus iad a éagsúlú ionas gur féidir cur leis an teagmháil
  - o Le múinteoirí agus scoileanna
  - o Le scoláirí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne
  - o Leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
  - o Le páirtithe leasmhara oideachais

# 7

A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear ó fhoinsí eile, chun tacú

- o le bealaí éifeachtacha le hobair a dhéanamh
- o le rialachas corparáideach a chomhlíonadh
- o le forbairt a dhéanamh ar pholasaithe éifeachtacha.

- > Leanúint le cur i bhfeidhm na Straitéise TFC le caighdeán agus éifeachtacht leanúnach chórais TF na Comhairle a chinntiú
- > Plean lucht saothair a thabhairt chun críche agus a thabhairt suas chun dáta a oireann go hiomchuí le feidhmeanna agus acmhainní daonna na Comhairle
- > Leanúint ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- > Cur le plé na Comhairle trí thaighde a dhéanamh agus a choimisiúnú chun tacú le hobair na Comhairle ar fud na spriocanna ar fad
- > Freastal ar riachtanais chomhlíonta an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

